

Caibidil 1

In airde an staighre le Dáibhí agus straidhn bhuile air. Ní raibh aon dabht ach go bhféadfadh na comharsana béal dorais gach uile chéim a thug sé a chloisint go soiléir leis an teann feirge a bhí air. Isteach leis ina sheomra codlata agus bhuail sé an doras taobh thiar de chomh láidir in Éirinn is a d'fhéadfadh sé. Tharraing sé cic ar an gcathaoir agus shuigh sé ar imeall na leapa. Bhí a chroí ag bualadh ina chliabh mar a bheadh buille seasta na ndrumaí i mbanna ceoil. 'Mallacht air mar scéal,' a bhéic sé leis féin ina cheann. Bheadh an tráthnóna le caitheamh aige anois ina sheomra, ina aonar, agus gan faic na ngrást le déanamh ann. Bhí gach teacht ar theicneolaíocht bainte de agus gan de shiamsaíocht aige anois ach leabhair

is úrscéalta leadránacha nó irisí leamha gan mhaith. Níos measa ná an scoil! Ach mar sin féin, ní raibh aiféala air faoina raibh déanta aige an lá sin. Ní raibh de rogha aige ach glacadh leis an bpionós anois

Chas Dáibhí an chéad leathanach eile ar an bhféilire a bhí crochta ar an mballa aige. Tharraing sé líne tríd an dáta. 1 Feabhra. Buíochas mór le Dia na Glóire! Mí amháin níos cóngaraí do dheireadh na scoilbhliana agus do dheireadh a thréimhse sa bhunscoil. B'fhada leis go dtiocfadh an lá sin. Ach bhí ceithre mhí fágtha aige. Chas sé na leathanaigh ceann ar cheann ... Márta, Aibreán, Bealtaine, Meitheamh. Ceithre mhí fhada, leamha, leadránacha le hIníon de Faoite ag barr an tseomra ag caitheamh súil chaillí air gach uair a chorródh sé oiread is méar. Mallacht uirthi! Ní hamháin go raibh súil chaillí aici, ach bhí guth géar binbeach aici leis, a bhí chomh faobhrach go ngearrfadh sé trí do cheann mar a dhéanfadh scian ghéar. D'fhéadfadh sé an guth

géar céanna a shamhlú ag caint lena mháthair nuair a ghlaoigh Iníon de Faoite ar an teach an tráthnóna sin. D'fhéadfadh sé é a shamhlú agus í ag insint di faoin dorn a bhí tugtha ag Dáibhí do Dheirdre sa chlós ag am lóin, rud a d'fhág í le súil dhubh agus sruth deor léi – gan trácht ar an drámatúlacht a bhain léi!

Maith go leor, d'fhéadfadh Dáibhí glacadh leis nach raibh dorn tuillte ag Deirdre ach bhí an mí-ádh uirthi go raibh sí san áit mhícheart ag an am mícheart nuair a bhuail taom feirge é le linn cluiche peile sa chlós. Ach mar sin féin, ba chuma leis dáiríre. Ba chuma leis go raibh Deirdre trína chéile, ba chuma leis go raibh sí gortaithe agus ba chuma leis go raibh uirthi dul abhaile agus tinneas cinn uirthi mar gheall ar an eachtra ar fad. Ní raibh mórán de chion aige ar Dheirdre ar aon chuma. Le bheith macánta, is mó den bhfuath ná den éad a bhí air. Bhí Deirdre rófhoirfe, róchliste agus ina peata ceart ag an múinteoir. Bhíodh a gruaig cíortha siar gach lá gan ribe ar bith amú, a héide scoile i

gcónaí glan iarnáilte, a bróga snasta, a hobair bhaile déanta, a táblaí ar eolas, a ceachtanna foghlamtha. Níorbh aon díobháil ceacht ceart a mhúineadh di anois – ceacht an tsaoil! Ceacht nach ceart teacht sa tslí riamh ar Dháibhí Ó Dálaigh nuair atá fearg air. Cad air a raibh sí ag smaoineamh? Cailín beag suarach dá leithéid ag iarraidh réasúnaíocht a dhéanamh leis nuair ba léir go raibh fearg air? Bhuel, bheadh a fhios aici an chéad uair eile!

Thosaigh sé ag comhaireamh na laethanta arís ar an bhféilire. 10 lá! Sin uile a bhí fágtha go dtí buaicphointe Rang 6. An turas scoile thar lear ar an 11 Feabhra! B’in an t-aon rud a choimeád ag imeacht é go dtí anois, ach nuair a bheadh an turas sin thart níorbh fhiú dó dul ar scoil a thuilleadh. Nuair a bheadh an turas sin thart, níor ghá dó aon dea-iompar a léiriú ar scoil mar ní bheadh sé de bhagairt ag na múinteoirí a thuilleadh gan é a thabhairt ar an turas. Dá mhéad a smaoinigh sé air, rith sé leis go bhféadfadh sé cúpla lá faoin tor a thógaint i

ngan fhios d'aon duine nuair a bheadh an turas mór thart. 'Ní fios cén saghas diabhláíochta a bheadh ar siúl agam na laethanta sin,' a smaoinigh sé leis féin, agus é ar gor ar phlean cheana féin!

D'fhéach sé ar a uaireadóir. 18:15. Bhí trí uair an chloig eile le caitheamh aige sa 'phríosún' seo sula bhféadfadh sé teacht anuas an staighre agus is ansin a bheadh air míniú iomlán a thabhairt ar a ndearna sé agus leithscéal a ghabháil. 'Hmmm ... diabhal leithscéal a gheobhaidh aon duine uaimse,' a dúirt sé faoina anáil agus rian den bhfearg fós air.

Thuig Dáibhí gurbh eisean an peata sa bhaile – an té ab óige de chúigear clainne, agus an t-aon bhuachaill i measc ceathrar cailíní. Ó cailleadh a athair, nuair a bhí Dáibhí fós sa naíonra, d'éirigh leis éalú le go leor, agus bhí sé i gceist aige éalú an babhta seo leis dá bhféadfadh sé in aon chor. Bhí an t-ádh leis de ghnáth go mbíodh a mháthair chomh gafa le cúrsaí tí, cúrsaí clainne, cúrsaí oibre agus cúrsaí

airgid, nach dtabharfadh sí go leor dá chuid drochiompair faoi deara, nó nach mbíodh an t-am ná an fuinneamh aici chun déileáil leis.

Chaith Dáibhí é féin ar an mála mór pónairí a bhí i gcúinne an tseomra agus tharraing sé amach leabhar ón tseilf a bhí díreach taobh leis. *Piseoga na hÉireann* an teideal a bhí air. ‘Seafóid! Sin uile atá ann. Leabhar seafóide,’ arsa Dáibhí leis féin, ach mar sin féin thosaigh sé ag casadh na leathanach. Ní raibh de rogha aige ach rud éigin a léamh ar aon chuma. Cad eile a d’fhéadfadh sé a dhéanamh go ceann trí uair an chloig? Leabhar a bhí ann a thug Aintín Maighréad dó dá bhreithlá an bhliain roimhe sin agus níor oscail sé fiú an clúdach go dtí anois. Thosaigh sé ag léamh:

Níor cheart eala a mharú ... Mí-ádh a leanfadh an té a mharódh eala, mar chreidtí go mbíodh duine daonna teanntaithe ina corp. Bhí a fhianaise sin le cloisint i nglaoch na heala mar ba chosúil é le guth daonna



Raiméis! Níor chreid Dáibhí in aon rud dá leithéid. An chéad rud eile bheidís ag rá nár cheart d'aon duine coinín a mharú mar go mb'fhéidir gurbh é an Coinín Cásca a bheadh ann! Chas Dáibhí an chéad leathanach eile. *Comharthaí Báis* a bhí mar theideal air.

Ba chomharthaí báis aon cheann díobh seo a leanas – pictiúr ag titim den bhalla, madra ag glamaíl san oíche, éan ar lic na fuinneoige, nó beacha ag fágaint na coirceoige.

Dáiríre, cé a chumann an stuif seo? Agus níos measa fós, cé a shlogann na scéalta seo gan dealramh?

'A Dháibhí!' Léim an leabhar as a lámha leis an ngeit a baineadh as. A mháthair a bhí lasmuigh de dhoras a sheomra agus an ciseán níocháin taobh léi. 'A Dháibhí, táim díreach tar éis teacht ar nóta fiche euro agus ocht cent déag i bpóca do bhríste scoile. Cad as ar tháinig an t-airgead sin?' Tháinig fuarallas le Dáibhí. Cad a déarfadh sé? 'A Dháibhí, an gcloiseann tú mé?' Conas a mhíneodh sé é seo dá mháthair?